# Leideanna Iontacha

**16 - 27 Márta 2026**

**Is é Turas Mór Siúil agus Rotha an dúshlán idirscoile is mó siúil, cathaoireach rotha, scútála agus rothaíochta sa Ríocht Aontaithe. Spreagann sé daltaí le turais ghníomhacha a dhéanamh chun na scoile, cáilíocht aeir a fheabhsú ina gcomharsanacht agus a fháil amach cad é mar a rachaidh na hathruithe seo chun sochair dá ndomhan.**



## Déan réidh

- Cláraigh do scoil ar shuíomh gréasáin an Turais Mhóir Siúil agus Rotha agus faigh amach cad é mar a thaifeadtar turais.
- Tabhair an bhileog eolais do bhaill d'fhoireann na scoile le hiad a chur ar an eolas faoi Thuras Mór Siúil agus Rotha.
- Má tá éiceasheaimpíní i do scoil tacaigh leo le Turas Mór Siúil agus Rothaa chur chun cinn.
- Spreag daltaí lena rothair agus scútair a dhéanamh réidh trí amharc ar an fhíseán M-sheiceái and L-sheiceáil.
- Smaoinigh ar spás sealadach a chur ar fáil fá choinne páirceáil rothar agus scútar – d'fhéadfá seomra breise nó rópa a ghreamú den bhalla le go gceanglóidh na páistí a rothair dó.







## Bolscaireacht

- Úsáid ár dteimpléad litreach le tuismitheoirí a chur ar an eolas go bhfuil do scoil ag glacadh páirte i dTuras Mór Siúil agus Rotha agus le hinse daofa fá na buntáistí a bhaineann le taisteal gníomhach dá bpáistí.
- Úsáid tionól na scoile le daltaí a spreagadh le páirt a ghlacadh.
- Cuir póstaeir fá Thuras Mór Siúil agus Rotha suas timpeall do scoile lena chur i gcuimhne do dhaltaí agus do bhaill foirne go bhfuil an dúshlán ar siúl.
- Larr ar scoileanna eile sa chomharsanacht páirt a ghlacadh i dTuras Mór Siúil agus Rotha agus cruthaigh iomaíocht áitiúil. Thig leat a rianú cad é mar atá ag éirí le scoileanna eile trí leathanach baile do scoile.



- Úsáid ar [dteimpléid do na meáin shóisialta] lena chur i gcuimhne do gach duine go bhfuil tú ag glacadh páirte.
- Úsáid ár [dteimpléad do na meáin] leis an scéal a scaipeadh ar an mhórphobal go bhfuil do scoil ag glacadh páirte.

## Cuir gach duine san áireamh

- Déan cinnte go bhfuil gach duine ábalta páirt a ghlacadh i dTuras Mór Siúil agus Rotha. Amharc ar an [treoir ar ionchuimsitheacht] le cuidiú agus leideanna a fháil



How to enable everyone to take part

An inclusivity guide for schools

- Cuir na daltaí go léir san áireamh i gceachtphleananna agus gníomhaíochtaí Thuras Mór Siúil agus Rotha.
- Déan daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu páirteach trína dturais a thaifeadadh ar ár leathanach taifeadta faoi leith do thurais.

## Gníomhaíochtaí

- Eagraigh comórtas ranga i do scoil. Tabhair duais don rang ina bhfuil an méid is mó páistí ag siúl, ag úsáid cathaoir rotha nó scútair agus ag rothaíocht chun na scoile.
- Eagraigh club bricfeasta do dhaltaí ar bith a shiúlann, a thagann i gcathaoir rotha nó ar scútar nó ar rothar chun na scoile le linn an dúshláin.

## Turai a chuntas

- Ag tús gach lae le bhur dturais a thaifeadadh, d'fhéadfá an bhileog thaifid a úsáid fána choinne seo nó na turais a thaifeadadh díreach i do chuntas ar [shuíomh gréasáin Thuras Mór Siúil agus Rotha]
- Leid do scoileanna móra/turais a thaifeadadh – úsáid an clár bán idirghníomhach le cuidiú.
- Socraigh an mbeidh múinteoirí ranga faoi leith ag taifeadadh thurais a ranga go díreach ar [shuíomh gréasáin Thuras Mór Siúilagus Rotha], nó an gcuirfidh seaimpín iad uilig isteach.

**Cuimhnigh, thig le múinteoirí an logáil isteach chéanna a úsáid ag an am chéanna le turais a thaifeadadh.**

- Má tá seaimpín ag cur isteach turais uile an ranga i [suíomh gréasáin Thuras Mór Siúil agus Rotha], smaoinigh ar scairbhileog chomhrochtana a chur ar bun le sonraí turais a thaifeadadh. Déanfaidh seo é níos fusa don tseaimpín na sonraí a chur isteach sa tsuíomh gréasáin.



Is sinne an carthanas a chuireann ar a gcumas do chách a bheith ag siúl, ag dul ar rothaí agus ag rothaíocht. Déanaimis seo! www.walkwheelcycletrust.org.uk
Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)

Walk Wheel Cycle Trust